



ELeathanach 430



Dé Máirt, an 7 Feabhra 2023

Lá Fhéile Vailintín

Tá Lá Fhéile Vailintín ag druidim linn go luath. Is lá in ómós do Naomh Vailintín ón Róimh é. Bíonn ceiliúradh ar an ngrá agus ar an rómánsaíocht ar an lá speisialta seo ar fud na cruinne ar an 14 Feabhra.

Thosaigh an traidisiúin seo fadó fadó, agus ar dtús bhí baint aige leis an gCríostaíocht agus leis an Naomh Vailintín.

Sa bhliain 1383, chríochnaigh an file Chaucer dán grá agus is cosúil gurb é sin an chéad dán faoi Lá Fhéile Vailintín riamh.

Caitheann daoine a lán airgid ar Lá Fhéile Vailintín gach bliain. Is cosúil go gcaitheann daoine €18 billiúin ar bhronntanais, ar bhláthanna agus ar chártaí. Ach b'fhéidir gur leor é rud éigin deas a dhéanamh do dhuine speisialta inár saol.

Bíodh Lá Fhéile Vailintín ceanúil, geanúil, grámhar agus geanúil uile.



Na Gradaim Acadaimh: Oscars na bliana!



Nár dheas a bheith in amharclann Dolby ar an 3 Márta i mbliana. Is lá tábhachtach do na hÉireannaigh é, go háirithe agus ainmniúchán faighte ag ceithre dhuine déag ón tír seo don ghradam is mó i dtionscal na scannánaíochta ar domhan, an Oscar.

Is aisteoir óg é Barry Keoghan ó Bhaile Átha Cliath. Fuair sé a chéad phost aisteoireachta tar éis dó fógra a léamh i bhfuinneog siopa. Ní raibh sé ach naoi mbliana déag ag an am.

Anois tá sé ainmnithe le haghaidh Oscar le leithéidí Brendan Gleeson agus Colin Farrell. Is léir gan dabht, an rud atá i ndán duit, ní rachaidh sé tharat!

Beidh muid ag súil le dea-scéala ó amharclann Dolby ag tús na míosa seo chugainn.



Mo cheol thú!

Más duine mór ceoil thú beidh a fhios agat, gur tháinig liosta na mbanáí don cheolchoirm Longitude amach le déanaí. Is ceolchoirm faoin aer í a mhaireann dhá lá i bPáirc Mharlaí.

Beidh a lán bannaí cáiliúla ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Ar an Satharn beidh Calvin Harris, MK agus Anne-Marie ag canadh.

Ar an Domhnach beidh Travis Scott, Lil Uzi Vest, Clavish agus go leor bannaí eile ann. Beidh níos mó ainmneacha le fogairt idir seo agus an cheolchoirm féin.

Bhí na ticéid ar díol ó mheán lae ar an 3 Feabhra. Bhí daoine ar bís ag iarraidh ticéad a cheannach. Tá ceolchoirm Longitude ag fás agus ag éirí níos fearr gach bliain. Beidh an lucht féachana agus na daoine timpeall ar Pháirc Mharlaí faoi gheasa ag an gceol an deireadh seachtaine sin.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhà Nuad,



Coiliste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaelschta & Gaelscoláochta

